

Cad is ainm duit?

[Neasa Ní Chiaráin](#)

Cé dó a mbíonn tú ag obair agus cad é Teideal do Phoist?

[Coláiste na Tríonóide – Ollamh Cúnta le Teicneolaíocht Urlabhra agus Teanga don Ghaeilge](#)

An féidir leat sin a mhíniú i dteanga shimplí chun go bhféadfaimis go léir príomh-réimsí/príomh-thréithe do phoist a thuiscint?

[Is léachtóir mé atá dírithe ar úsáid na teicneolaíochta chun an Ghaeilge a chur chun cinn i measc foghlaimoirí. Bím ag múineadh agus ag déanamh taighde. Is é abair.ie an tionscadal ar a bhfuilim ag obair. Is córas téacs-go-hurlabhra é seo. Má scríobhann tusa rud isteach sa chóras, léann sé ar ais duit é. Tá spéis ag go leor mac léinn iarchéime sa teicneolaíocht chun teangacha éagsúla a mhúineadh agus bím á dteagasc siúd.](#)

Cá raibh tú ar scoil? An bunscoil/meánscoil lán-Ghaeilge a bhí inti?

[Scoil Mológa i gCros Arailt i mBaile Átha Cliath ar dtús agus ansin Coláiste Ráithín i mBré don mheánscoil. Gaelscoileanna iad seo.](#)

An raibh sé deacair ort foghlaim trí mheán na Gaeilge?

[Ní raibh – ní raibh aon chleachtadh agam ar a mhalairt](#)

An labhraíonn/ar labhair tú Gaeilge sa bhaile?

[Tógadh go dátheangach mé – Gaeilge sa bhaile agus Béarla an mórtheanga a bhí timpeall. Béarla a bhí sa chomharsanacht agus ag mo mhuintir.](#)

Cad iad na hábhair a rinne tú don Ardteist?

[Gaeilge, Béarla, Mata, Fraincis, Gearmáinis, Bitheolaíocht agus Ceol](#)

Nuair a bhí ort cinneadh a dhéanamh faoina mbeadh ar siúl agat i ndiaidh na scoile, ar thuig tú cad a theastaigh uait a dhéanamh nó an raibh sé dian ort d'fhoirm CAO a líonadh?

[Bhí sé dian orm – ach theastaigh uaim rud éigin a dhéanamh le teangacha \(an Fhraincis agus an Ghearmáinis, ach go háirithe\). Cé nár thuigeas go díreach cad a bhí i gceist le 'teangeolaíocht', ar a laghad bhí a fhios agam ar bhonn ginearálta gur staidéar ar theangacha a bhí ann agus bhí mé sásta leis sin. Bhí spéis agam freisin sa ríomhaireacht – le linn mo thréimhse san Idirbhliain bhí cúrsaí an-mhaith ríomhaireachta againn agus rinne mé taithí oibre in áit inar chaith mé mo thréimhse ag obair ag ríomhaire ag dearadh agus ag obair ar na cuntais airgid. Thug siad post samhraidh dom ina dhiaidh](#)



sin agus bhaineas an-taitneamh as sin. Fuaireas tuiscint níos fearr ar an ríomhaire a úsáid chun fadhbanna a réiteach.

An mbraitheann tú go raibh tionchar mór ag do chúlra oideachais trí Ghaeilge ar do roghanna CAO agus do chinneadh gairme, dá réir? (má bhaineann an cheist seo leat)

Aisteach go leor, ní raibh ag an tús ach amháin go raibh ceithre theanga agam don Ardteist.

Nuair a chonaic mé an cúrsa '*Applied Computational Linguistics*' a chur ríomhaireacht agus teangeolaíocht le chéile in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, thapaidh mé an deis agus chuireas isteach air.

An raibh díomá ort nach bhfuair tú do chéad rogha agus, ag féachaint siar air, an rud maith nó drochrud é nach bhfuair tú é?

Fuaireas mo chéad rogha agus is dóigh liom go ndearna mé an rogha ceart. Ar ndóigh ní féidir freagra cruinn a thabhairt ar an gceist seo mar cá bhfios cá mbeinn dá mba rogha eile a dheineas!

Ar bhain tú taitneamh as?

Bhaineas! Bhí cuid den chúrsa dian ach níor mhór fanacht leis agus mar is gnáth tháinig sé le chéile ag an deireadh.

Arbh idirlinn dheacair í? / An raibh an t-athrú deacair duit? Cad iad na dúshláin a d'eascair as, má bhí aon cheann ann?

Ní raibh. Bhíos ag fanacht sa bhaile ag an am. Rang beag a bhí sa Choláiste agus chuireamar ar fad aithne ar a chéile go réasúnta tapaidh agus mar sin ní raibh aon difríocht ró-mhór idir sin agus an Mheánscoil ar bhealaí. Uaireanta eile bhíodh muid ag freastal ar léachtaí le grúpaí móra – ranganna ginearálta teangacha nó ríomhaireachta ann ach bhí ár bhfo-ghrúpa féin againn. An rud ba dheacra ag an tús ná an taisteal chomh fada leis an gColáiste gach lá!

Dá mbeadh ort an rogha a dhéanamh arís, an ndéanfá rogha éagsúil?

Ní dóigh liom é. Tá an obair atá agam spéisiúil. Is breá liom a bheith ag obair le daoine agus tá an-spéis agam sa teicneolaíocht agus san oideachas chomh maith – is ar mhaithe le hoideachas a chur ar dhaoine atá an teicneolaíocht atá idir lámha agam. Bainim sásamh as gnéithe éagsúla de, mar shampla nuair is féidir linn cabhrú le daoine atá dall nó atá ar bheagán radhairc saol níos iomláine a bheith acu trí rochtain a fháil ar an saol digiteach. Ar bhealach, níl mé ach ag tús mo ghairme – níosfaidh an aimsir.

Is i ndiaidh dom an bhunchéim agus céim Mháistir a dhéanamh a d'fhilleas ar an nGaeilge. Cheap daoine go raibh céim sa Ghaeilge agam, rud nach raibh, ach bhí an Ghaeilge sách cruinn agam le bheith ábalta mo ghnó ar fad a



dhéanamh trí Ghaeilge. Mar a ráiníonn sé, is trí mheán na Gaeilge atá formhór mo chuid oibre anois.

Más rud é gur fhreastail tú ar scoil lán-Ghaeilge, an raibh sé deacair ort athrú ar ais go foghlaim trí mheán an Bhéarla?

Mata ba dheacra! Bhíodh mo chuid nótaí leath-Bhéarla, leath-Ghaeilge (fuair daoine eile an-deacair iad a chóipeáil!) Chuireas ina cheart é do na scrúduithe, nó thuigeadar mé ach go háirithe! Ós é go rabhamar ag tosnú as an nua le gach rud eile níor chuir an Ghaeilge isteach ná amach air.

Lasmuigh den staidéar a rinne tú ar do chúrsa, an raibh tú páirteach in aon ghné eile i saol an choláiste?

Ghlacas páirt sa saol sóisialta ginearálta a bhíonn thart ar an gColáiste agus ar gach Coláiste eile.

An raibh tionchar dearfach ag foghlaim na Gaeilge ar do shaol sóisialta sa choláiste i.e. an raibh tú páirteach i gclubanna agus cumainn Ghaeilge etc.?

Is docha nach raibh moran tionchar ag foghlaim Gaeilge ar mo shaol sosialta sa gcoláiste ag an am. Ní raibh Gaeilge ag formhór mo chomhleacaithe agus mar sin ní mór an rud a bhí ann Gaeilge a bheith agam no gan gaeilge a bheith agam.

An bhféadfá léargas ginearálta a thabhairt ar do stair ghairme?

Nuair a chríochnaíos mo bhunchéim in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath thosnaíos ar Chéim Mháistir i gColáiste na Ollscoile, Baile Átha Cliath. Céim san Eolaíocht Chognaíoch í seo agus an-bhéim ar fhoghlaim teangacha agus mar a éiríonn leis an intinn an chéad nó teangacha breise a fhoghlaim. Rinne mé mo thráchtas ar shealbhú an Bhéarla i measc daoine ón iasacht a bhí ag freastal ar Choláistí éagsúla i mBaile Átha Cliath. Ina dhiaidh sin bhí mé ag smaoineamh ar chéim dhochtúireachta a dhéanamh ach chuas ag obair le comhlacht aistriúcháin/ríomhfhoghlama i nGaeltacht Mhúscaí ar a dtugtar Bard na nGleann. An uair sin bhíos ag déanamh aistriúcháin agus ag múineadh ranganna Gaeilge ar líne do dhaoine a bhí ina gcónaí i Meirceá Thuaidh. D'fhilleas ar Bhaile Átha Cliath tar éis bliain go leith agus chuas ag obair le foireann abair.ie i gColáiste na Tríonóide. Chláraíos mar mhac léinn dochtúireachta i 2009 agus bhí an taighde a bhí ar siúl agam don gcéim sin ag luí go maith leis an obair a bhí ann i bhforbairt na nguthanna sintéiseacha. I rith na tréimhse sin rinne mé Dioplóma san Aistriúchán agus san Eagarthóireacht in Ollscoil Mhá Nuad. Is ar líne is mó a bhí fáil ar an gcúrsa seo le corr-ranganna san Ollscoil. Thart faoin am céanna thosnaíos ag múineadh ranganna Gaeilge do dhaoine fásta le Gaelchultúr i mBaile Átha Cliath. Chríochnaíos mo chéim dhochtúireachta i 2014 agus leanas orm mar thaighdeoir iar-dhochtúireachta leis an tionscadal ABAIR. In 2016 ceapadh mé mar Ollamh Cúnta le Teicneolaíocht Urlabhra agus Teanga don Ghaeilge.



Faoi láthair táim ag leanúint leis an obair thaighde a bhí idir lámha agam agus ag múineadh ranganna teangeolaíochta agus teicneolaíochta do mhic léinn atá ag tabhairt faoi chéimeanna éagsúla ag leibhéal na Máistreachta.

Conas a chuir tú chuige an post atá agat anois a fháil?

Diaidh ar ndiaidh tuigeadh an tábhacht a bhí le ríomhairí agus le foghlaim ríomhchuidithe teangacha sa Rannóg ina raibh mé ag obair. Ag an tráth seo tá an-iarracht á dhéanamh ag an Roinn Oideachais chun ríomhairí a chur i lár an phróisis oideachais agus tuigeadh go raibh sé tábhachtach go mbeadh tús áite ag Coláiste na Tríonóide i bhforbairt na teicneolaíochta urlabhra agus teanga don Ghaeilge agus d'fhoghlaim ríomhchuidithe teangacha go ginearálta. Bhí an t-ádh liom gur tháinig post suas sa réimse seo san Ollscoil agus gur mise a ceapadh dó.

An mbraitheann tú go raibh sé ina bhuntáiste duit bheith oilte ar an nGaeilge agus tú ag lorg poist?

Bhí an Ghaeilge mar bhun-choinníoll ag an té a cheapfaí don bpost atá anois agam agus murach go raibh Gaeilge agam ní bheinn san áit ina bhfuilim anois. 'Sí an Ghaeilge an gnáth-theanga cumarsáide i measc na ndaoine a bhfuilim ag obair go dlúth leo agus is trí Ghaeilge a thugaim cuid mhaith de mo chuid léachtaí.

Conas mar a úsáideann tú Gaeilge i do phost?

'Sí an Ghaeilge is mó a úsáidtear mar mheán cumarsáide sa tSaotharlann ina bhfuilim lonnaithe, cé gur as tíortha éagsúla cuid mhaith de na taighdeoirí. Tá Gaeilge an-mhaith agus an-chruinn ag an gcuid is mó acu. Anuas air sin, tugaim léachtaí ar fhoghlaim ríomhchuidithe teangacha trí mheán na Gaeilge. Ciallaíonn sé sin go mbíonn gá le stór focal atá sainiúl don ábhar agus is dúshlán é an téarmaíocht nua seo a fhí isteach i struchtúir nádúrtha, dúchasach na Gaeilge.

Ón oideachas atá faighte agat go dtí seo, cad iad na gnéithe is mó a chabhraigh leat i do phost reatha?

Cuireadh oideachas an-leathan orm ó aois an-óg – eolaíocht, teangacha, litríocht, mata, s.rl. san áireamh. Tháinig scileanna ó na réimsí seo ar fad i gceist sa bhunchéim a rinne mé. Bhí Matamaitic tábhachtach don ríomhchlárúchán. Bhí tuiscint ar theangacha agus ar theangeolaíocht lárnach don gcúrsa agus bhí alán le foghlaim faoin ríomhaireacht í féin. Ba bhuntáiste dom é cuid mhaith de na réimsí seo a bheith clúdaithe agam sa mheánscoil sular thugas aghaidh ar an Ollscoil. Chuireas spéis i bhfoghlaim teangacha agus tagann na scileanna ilchineálacha seo le chéile agus tá siad fite fuaite ina chéile sa taighde agus sa léachtóireacht atá ar siúl agam faoi láthair.



An bhfuil tú tar éis, nó an bhfuil i gceist agat aon oiliúint bhreise a dhéanamh mar chuid de do phost?

Is próiseas leanúnach é forbairt na ríomhaireachta i gcúrsaí oideachais agus i gcúrsaí foghlaim ríomhchuidithe teangacha ach go háirithe. Téim gach bliain go comhdhálacha éagsúla ar fud an domhain. Déanaim cur síos ar an taighde a bhíonn ar siúl agam féin agus foghlaimím faoin méid a bhíonn ar siúl ag daoine eile. Is gá don lucht acadúil bheith i muinín a chéile chun go n-athnóidh siad na forbairtí éagsúla a dhéantar in aon áit timpeall an domhain. Foghlaim fadsaoil atá i gceist le post mar seo, d'fhéadfá a rá!

Cad iad na scileanna ar leith a thugann tusa chuig an láthair oibre?

Tá scileanna ríomhaireachta agus scileanna teangacha agam agus tuiscint ar phróiseas foghlama teangacha. Tá líofacht agam sa Ghearmáinis, sa Fhraincis, sa Ghaeilge agus sa Bhéarla. Tá gá le scileanna idirphearsanta chomh maith chun go ndéanfar an t-ábhar tarraingteach do mhic léinn agus spreagúil don lucht taighde.

An bhféadfá cur síos a dhéanamh ar ghnáth-lá oibre?

Ní bhíonn aon dá lá mar an gcéanna agus de ghnáth bíonn brú maith oibre orainn. Ullmhaím léachtaí, bím i dteagmháil le mic léinn, déanaim taighde atá bainteach leis an tioscadail ABAIR agus caithim roinnt ama ag freastal ar chainteanna éagsúla atá bainteach le mo réimse spéise. Anuas air sin, bíonn orm páipéir acadúla a ullmhú agus a scríobh do na comhdhálacha éagsúla ar a bhfreastalaím. Braitheann an gnáth-lá oibre ar na tosaíochtaí a bhíonn ann ag an am. Athraíonn sé seo ag tráthanna éagsúla den mbliain.

Cad a thaitníonn leat mar gheall ar do phost?

Is post spreagúil é ina mbím de shíor ag gabháil do na teicnící agus scileanna is nua-aimseartha dá bhfuil ann. Bíonn an deis agam breithiúnas a thabhairt ar fhorbairtí éagsúla agus an staid ina bhfuil cúrsaí ríomhaireachta san oideachas a léiriú do mhic léinn ionas go mbeidh siadsan in ann an taighde seo a chur i ngníomh agus a fhorbairt amach anseo. Is rud an-mhór dom é a bheith in ann mo chuid scileanna a úsáid chun cabhrú le múineadh na Gaeilge agus is dóigh liom go bhfuil todhchaí gheal ag teicneolaíocht na hurlabhra agus na teanga sa réimse seo. Níl sí ach ina tús.

Cad atá dúshlánach duit (i do phost), má tá aon ní dúshlán ann?

Bíonn dúshlán nua ann gach lá. Tá iliomad gnéithe ag baint leis an bpost agus bíonn sé deacair d'aird iomlán a thabhairt d'aon ghné ar leith ag aon am ar leith. An dúshlán is mó atá ann ná freastal i gceart ar gach ceann de na gnéithe seo le go mbeifeá á dtabhairt chun barr feabhais.

An gcuireann do phost ar do chumas stíl mhaireachtála shásúil a bheith agat?



Is post lán-aimseartha é nach féidir leat a rá faoi go gcríochnaíonn sé ar a 6 a chlog tráthnóna. Bíonn tú an-ghafa leis oícheanta agus ag an deireadh seachtaine uaireanta nuair a bhíonn daoine eile atá ar chomhaois liom i mbun caitheamh aimsire dá gcuid féin. Ní hiad na poist acadúla is airde tuarastail do dhaoine atá ag tosnú amach ar an slí bheatha seo.

An mbíonn tú in ann taisteal a dhéanamh/maireachtáil thar lear sa phost agat?

Bíonn go leor taistil i gceist chun dul go comhdhálacha thar lear agus chun eolas a roinnt le taighdeoirí eile i do réimse. Tá sé ríthábhachtach a bheith in ann taisteal agus cairdeas a chothú le taighdeoirí eile atá ag obair i réimsí sna réimsí céanna leat féin. Cruthaíonn sé sin comhphobal taighdeoirí a bhíonn ag obair as lámha a chéile. Is ar scáth a chéile a mhairimid.

Cén chomhairle a chuirfeadh tusa ar aon duine a bheadh ag smaoineamh ar an bpost seo a dhéanamh?

Chun a bheith fostaithe mar dhuine acadúil in aon Ollscoil ní mór seasamh amach chun go nglacfar leat mar an duine is mó saineolais i réimse ar leith. Uaireanta is maith an rud é staidéar a bheith déanta agat in Ollscoileanna éagsúla, Ollscoileanna thar lear ina measc. Ní mór a bheith foighneach mar ní minic a thogann folúntais chub cinn a bhaineann leis an saineolas atá ag aon mhac léinn ar leith. Ní mór a bheith sásta taighde a dhéanamh agus é seo a bheith foilsithe go hidirnáisiúnta. Ní féidir leat a bheith cinnte go mbeidh post agat sa saol acadúil ach má bhíonn oiliúint mhaith ort beidh an-tóir ort ar aon nós mar fhostaí, bíodh sé sin in Ollscoil, san earnáil phoiblí nó san earnáil phríobháideach.

Cén saghas taithí oibre a bheadh mar thaca maith don phost seo?

Ní thagann a leithéid i gceist ach uaireanta nuair a bhíonn tú ag staidéar do chéim dhochtúireachta iarrtar ort léachtaí a thabhairt d'fhochéimithe san Ollscoil nó tréimhsí páirt-aimseartha a dhéanamh. Tá sé fíor-thábhachtach go bhfeicfí go raibh do chuid taighde foilsithe go hidirnáisiúnta.

Cad iad na 3 phríomh-thréith phearsanta is gá a bheith ag duine don phost seo?

Scileanna idirphearsanta: spéis sna daoine atá mórthimpeall ort

Fiosracht nádúrtha: chun taighde a dhéanamh & leanúint leis

Líofacht agus cumas teanga: chun torthaí na taighde a chur in iúl i bhfocail

Cad iad na hábhair spéise eile atá agat agus an gcuireann siad le do phost reatha in aon slí?

Seinnim ceol agus is maith liom dul chuig féilte ceoil i rith an tSamhraidh. Cuireann sé le mo phost. An-mhinic bíonn ceangal idir an Ghaeilge agus an



ceol - tagann go leor daoine ar an nGaeilge tríd an gceol. Bíonn sé i gcónaí suimiúil bualadh le daoine atá ag foghlaim Gaeilge, go háirithe eachtrannaigh, agus na scéalta suimiúla a bhíonn acu faoi conas a chuireann siad chuige an Ghaeilge a fhoghlaim. Coimeádann an ceol i dteagmháil le Gaeilgeoirí eile tú.

Conas a rachaidh do ghairm chun cinn sna blianta atá romhainn, dar leat?

Táim ag súil go ndéanfaimid forbairt mhór ar theicneolaíocht na hurlabhra agus na teanga agus go mbeidh tionchar mór aige seo ar mhúineadh na Gaeilge chun go mbeidh múineadh na Gaeilge mar mhúnla dóibh siúd atá ag múineadh teangacha eile in áiteanna éagsúla ar fud an domhain. Is spéis liom tionchar dearfach a bheith agam sa réimse ina bhfuilim gafa.

Cé hiad na daoine is mó a bhfuil tionchar ag do ghairm orthu?

Nílím ach ag tosnú amach faoi láthair ach amach anseo tá súil agam go mbeidh tionchar dearfach agam ar mhic léinn san Ollscoil agus ar mo chomhghleacaithe. I bhfad na haimsire tá súil agam go mbeidh tionchar mór ag an obair atá ar siúl agam ar mhúineadh na Gaeilge sna scoileanna in Éirinn agus do phobal níos leithne ar fud an domhain.

Ag féachaint siar air anois, cén chomhairle a bheadh agat do dhaoine sa 6ú bliain atá ag smaoineamh ar an gcéad chéim eile dóibh i ndiaidh na scoile?

Cuir roinnt ceisteanna ort féin – an oireann scoil thú? Arbh fhearr leat an scolaíocht a fhágáil anois agus dul i mbun ceirde éigin? B'fhéidir nach aon drochphlean é seo mar ní oireann coláistí tríú leibhéal gach duine. Má tá tú chun dul go coláiste tríú leibhéal pioc rud éigin a gceapann tú a mbeadh spéis agat ann – ná pioc ábhar toisc go dtaitníonn teideal an chúrsa leat. Mar shampla, ná déan innealtóireacht muna bhfuil tú go maith ag mata! Má tá tú ag iarraidh speisialtóireacht a dhéanamh, mar shampla leigheas nó tréidliacht, caitheann tú sainchúrsa a dhéanamh ach seachas sin, ní dhéanann sé an oiread sin difríochta cén bhunchéim a dhéanfaidh tú. Mar shampla, na daoine i mo rangsa sa chéad bhliain san Ollscoil, tá gach saghas oibre anois acu, cuid acu i ngnó, cuid acu ríomhaireacht, cumarsáid, s.rl. Tá sé tábhachtach chomh maith go mbainfeá taitneamh as an saol sóisialta atá thart ar na coláistí éagsúla tríú leibhéal le linn do chúrsa fhochéime.

Dá dtosófá ón tús arís, an ndéanfá aon rud ar shlí éagsúil?

Ní bhíonn a fhios ag éinne cad atá i ndán dóibh agus is iomaí corr agus casadh a chuireann an saol de. I mo chás féin ní raibh aon phlean fadtréimhseach agam – ghlacas le gach lá mar a tháinig sé. An príomhtheachtaireacht a bheadh agam ná lean an rud is ansa le do chroí agus lig dó sin bláthú sa timpeallacht ina mbeidh tú. De ghnáth bíonn toradh fóna ar na hiarrachtaí a dhéanann tú (cé go minic nach léir dúinn é sin ag an am) ach caithfidh tú a bheidh sásta an deis a thapú agus muinín a bheith agat asat féin. *'Ní mar a shíltear bítear'* a deir siad!

